- Plean Corparáideach Lú 2024–2029
- Plean Forbartha Contae Lú 2021–2027
- Plean Aitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Lú 2024–2029
- Plean Forbartha Ealaíon Lú 2022–2026
- Straitéis Chultúir agus Chruithaithreachta Lú 2023–2027
- Straitéis Ghníomhaíthe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Lú 2024–2029

Airítear leis na doiciméid eile rithábhachtacha:

- *Litearthacht Aosach ar feadh an tsaoil: Straitéis 10 mbliana um Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach do Dhaoiné Fasta, Rialtas na hÉireann.*
- *Na Chéad 5 - Straitéis Uile-Rialtais do Náisiúin, Leanaí Óga agus a dTeaghlacha 2019-2028, Rialtas na hÉireann, An Roinn Leanaí, Comhionannais, Michumais, Lánpháirtíochta agus Óige.*
- *Éire Shláintiúil - Plean Gníomhaíochta Straitéiseach 2021-2025, Rialtas na hÉireann.*
- *Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digiti na hÉireann, 2024-2033: Gach Foghlaiméoir ó Bhreith go Duine Óg Fasta agus phlean fhortheidhmíthe chúig bhliain, An Roinn Oideachais agus Óige.*
- *Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga d'Éirinn - IS - Is Cuid den Saol é Anois- Athnuachan 2024, Rialtas na hÉireann.*
- *Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine - An Acht fa' Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 (Alt 42).*
- *Cáighdeáin agus Tagarmharcanna do Leabharlanna Poiblí, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Aitiúil, 2026.*
- *Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte 2022 - Beart maidir le Todhchaí Roinnte, Rialtas na hÉireann.*
- *Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe, An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comshaol.*
- *Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaíthe, 2019-2024, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.*
- *Is í an Leabharlann an Ait: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid – Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023–2027, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.*
- *Lár Bailte ar dtús - Cur Chuige Beartais do Bhailte na hÉireann 2022, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.*
- *Éire Óg: an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoiné Óga 2023-2028, An Roinn Leanaí, Michumais agus Comhionannais.*

Cuspoir 6: Foghlaim ar Feadh an tSaoil, For-rochtain agus Cláir

Foghlaim ar feadh an tsaol, for-rochtain agus cláir chuimsitheacha atá dírithe ar an bpobal a chur ar fáil a neartaíonn agus a spreagann an léitheoireacht agus an litearthacht, a leathnaíonn rochtain, a dhainíonn rannpháirtíocht agus a léiríonn riachtanais éagsúla dhaoine ar fud Chontae Lú.

Gníomhartha Straitéiseacha

1. Cláir Ardionchair Bunaíthe ar Fhianaise a Sholáthar

Dearfaimid agus cuirfimid cláir fhiúntacha atá dírithe ar spriocghrúpaí ar fáil, ag cinntiú go mbeidh imeachtaí ardchaighdeán, cuimsitheacha agus a mbíonn tionchar acu ar dhaoine de gach aois Leantaimid orainn ag aithnínt agus ag cur isteach ar shruthanna maoinithe ábhartha (ealaíona, STEAM, oideachas, cuimsiú).

2. For-rochtain Chuimsitheach atá Dírithe ar an bPobal a Neartú

Forróimid agus cuirfimid modh comhordaithe for-rochtana i bhfeidhm chun rochtain a leathnú, líon na mball a mhéadú agus rannpháirtíocht a dhainíniú, ag aillíniú lenár stádas leabharlann Tearmainn agus ag cinntiú go mbeidh an leabharlann fáiltiúch agus iontaofa do gach pobal.



3. Comhpháirtíochtaí Láidre, Struchtúrtha agus Inbhuanaithe a Fhorbairt

Neartóimid caidrimh le comhpháirtithe reachtula, oideachais, pobail agus cultúrtha, agus cuirfimid lenár gcumas oibriú go héifeachtach le chéile trí fhoghlaim chomhroinnte agus pleanáil chomhoibríoch. Neartóimid freisin comhar struchtúrtha trasna na Seirbhísí Cultúrtha, lena n-áirítear Leabharlanna, an Músaem, na hEalaíona agus an Chartlann, ag aithnínt an idirspiléachais idir na seirbhísí sin agus ag tacú le cuir chuige níos comhordaithe maidir le clárú comhpháirtíoch, for-rochtain agus seachadadh seirbhíse le linn shaolré an Chláir.

4. Litearthacht agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil a Chur Chun Cinn trí Chláir Straitéiseacha Náisiúnta Leabharlaine

Neartóimid na cláir Ceart le Léamh, Éire Shláintiúil i Do Leabharlann agus Scileanna Saoil trí imeachtaí ardchaighdeán, bailiúcháin fheabhsaithe, comhpháirtíochtaí láidre agus foghlaim leanúnach foirne. Déanfaimid dea-chleachtas agus nuálachtaí a leabú trí athbhreithniú rialta ar chláir agus cinnteoimid go leanfaimid leis an tacaíocht dóibh siúd a bhíonn ag tabhairt aghaidh ar dhúsháin le scileanna litearthachta d'aon chineál.

Cuspóir 5: Ár bhFoireann Leabharlaine

Leanfaimid orainn ag forbairt foireann saothair a mbeidh tacaíocht mhaith aige, oile agus athléimneach trí chumarsáid fheabhsaithe, cleachtais sláinte agus sábháilteachta níos láidre agus deiseanna forbartha leathnaithe, ag cinntiú go mbraitheann an fhoireann go bhfuil meas orthu, go bhfuil muinín acu astu féin agus go bhfuil siad in ann seirbhís leabharlaine ardchaighdeán in atá dirithe ar an bpobal a sholáthar.

Gníomhartha Straitéiseacha

1. Conairí a Fhorbairt d'Oiliúint, Scileanna agus Dul Chun Cinn Gairme

Leathnóimid rochtain ar oiliúint (an Ghaeilge, litearthacht, seirbhís do chustaiméirí, scéalaithe agus STEAM) agus forbóimid conairí struchtúrtha a thacóidh le dul chun cinn, ceannaireacht agus pleanáil chomharbais. Neartóimid acmhainn oibríochtúil trí tharmilgíean fheabhsaithe, freagrachtaí soiléire agus forbairt foirne atá ailiúnta le tosaithe na heagraíochta.

2. Comhoibriú Idir Bhrainsí agus Cultúr Foirne a Fheabhsú

Tabharfaimid isteach laethanta forbartha foirne agus cuirfidimid feabhas ar dheiseanna do bhaill foirne comhoibriú ar fud an Udarais Áitiúil. Feabhsóimid pleanáil tionscadal agus cumarsáid, ag cur le mórtas san ionad oibre agus folláine foirne, agus béim á cur ar chultúr agus ar luachanna Chomhairle Contae Lú.

3. Cumas Foirne a Fhorbairt maidir le Rialachas Corparáideach agus Comhlíonadh

Neartóimid muinín agus cumas foirne ar fud gach riachtanas rialachais chorpóraidigh lena n-áirítear cosaint sonraí, RGCS, reachtáilocht sláinte agus sábháilteachta agus gach beartas ábhartha de chuid na Comhairle.



Cuspóir 4: Cumarsáid, Margaíocht agus Rannpháirtíocht Dhigiteach

Beartas soiléir, comhsheasmhach agus inrochtana cumarsáide agus rannpháirtíochta digiti a chruthú a chinntíonn gur féidir le gach úsáideoir — idir úsáideoirí reatha agus úsáideoirí san am atá le teacht — fáil amach go héasca cad atá ar fáil sa leabharlann, bheith cothrom le dáta faoi imeachtaí agus seirbhísí, agus teagmháil a dhéanamh linn trí bhealaí éagsúla, ag neartú infheictheacht, sroichte agus nasc pobail.

Gníomhartha Straitéiseacha

1. Struchtúr Cumarsáide Leabharlaine a Bhunú

Cruthóimid creat inbhuanaíthe margaíochta agus cumarsáide a fheabhsóidh an chaoi a ndéantar ábhar a phleanáil, a chruthú, a fhaomhadh agus a chomhroinnt ar gach ardán le tacíocht ó Fhoireann Chumarsáide na Comhairle.

2. Oiliúint agus Forbairt Foirne

Cinnteoimid rochtain ar oiliúint chun tacú leis an bhfoireann ábhar inrochtana atá ag teacht leis an mbranda a chruthú go muintineach agus chun tairbhe a dhéanamh go héifeachtach chur chun cinn na straitéise.



3. Infheictheacht Fhísiciúil agus sa Phobal Áitiúil a Fheabhsú

Neartóimid ár n-infheictheacht agus ár bhfor-rochtain thar réimse spásanna fhisiciúla agus pobail, agus modhanna éagsúla bolscaireachta a úsáid chun a chinntiú go sroicthfidh muid spríocghrúpai nach mbíonn ag plé leis na meáin shóisialta go minic.

4. Ailiniú leis an mBeartas Cumarsáide Corparáidí

Comhoibriú leis an bhfoireann Cumarsáide Corparáidí chun comhsheasmhacht branda a neartú, lena chinntiú go mbeidh an t-ábhar faisnéiseach, tarraingteach agus éasca le

húsáid.

Cuspóir 3: Teicneolaíocht agus Soláthar Digiteach

Forbairt níos mó a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha iontaofa, cuimsitheacha agus dírithe ar an todhchaí trí úsáid a bhaint as uirlisí nua-aimseartha chun rochtain, foghlaim agus taitní úsáideoirí a fheabhsú.

Gníomhartha Straitéiseacha

1. Ar mBonneagar Digiteach Lárnach a Neartú

Neartóimid ár mbonneagar lárnach digiteach chun seirbhísí sábháilte, éifeachtúla agus ar ardchaighdeán chomhsheasmhach a chinntiú, lena n-áirítear Wi-Fi, rochtain phoiblí ar an idirlíon agus teicneolaíocht chunaimh, ionas go mbeidh gach úsáideoir in ann teacht ar acmhainní digiteacha, cibé acu sa bhrainse, tríd an Leabharlann Shoghluaisíte Pobail nó trí Aip na Leabharlaine.

2. Tacú le Scileanna Digiteacha do Bhail Foirne agus do Phobail

Cuardóimid oiliúint leanúnach i scileanna digiteacha agus i s don fhoireann agus forbróimid deiseanna foghlama inrochtana dírithe ar úsáideoirí a chuirfidh ar chumas an phobail muinín a chothú in uirlisí digiteacha, Aip na Leabharlaine agus teicneolaíochtaí nua a bheidh ag teacht chun cinn.



Cuspóir 2: Bailiúcháin agus Acmhainní

Bailiúcháin fhisiciúla, dhigiteacha agus staire áitiúla ardchaighdeán a fhorbairt, a chaomhnú agus a chur chun cinn a léiríonn ár bpobail, a thacaíonn leis an bhfoghlaim agus leis an rannpháirtíocht chultúrtha, agus a chinntíonn rochtain chothrom do gach úsáideoir.

Gníomhartha Straitéiseacha

1. Beartas Cuimsitheach um Fhorbairt Bailiúcháin a Sholáthar

Treiseoidh athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas um Fhorbairt Bailiúcháin forbairt agus cur chun cinn éadálacha nua, ábhar Gaeilge, acmhainní liteangacha agus bailiúcháin speisialta.

2. Rochtain ar Acmhainní Ar Líne a Threisiú

Feabhsóimid infheictheacht, inrochtaineacht agus úsáid ár n-acmhainní ar líne ionas gur féidir le húsáideoirí iad a aimsiú, a fhiosrú agus leas a bhaint astu go héasca.

3. Infheistiú i mBailiúcháin Éagsúla Fhisiciúla agus Dhigiteacha

Trí mhéadú ar ár gciste leabhar, a mholadh gach bliain cuirfidimid le doimhneacht agus le cáilíocht ár mbailiúcháin fhisiciúil agus leictreonach agus déanfaimid ár ndícheall an sprioc náisiúnta caiteachais in aghaidh an duine don chiste leabhar a bhaint amach.

4. Straitéis Staire Aitiúla a Fhorbairt

Forbróimid Straitéis Staire Aitiúla a fhorbóidh saineolas foirne, a leathnóidh an digitiú, a neartóidh compháirtíochtaí pobail agus a chomhtháthóidh stair áitiúil i gcúrsaí oideachais agus for-rochtana, agus a thabharfaidh rochtana, agus a bailiúcháin uathúla staire áitiúla atá againn.



Cuspóirí Straitéiseacha

Cuspóir 1: Spásanna Leabharlaine Inrochtana, Compordacha agus Fáilteach

Leanúint d'fhoirgnimh leabharlaine, feithicilí soghluaiste agus spásanna lasmúigh atá sábháilte, inrochtana agus fáilteach a chur ar fáil, andéantar an todhchaí, ag cinntiú go bhfreastalaíonn ár saoráidí ar riachtanais an phobail, go dtacaíonn siad le foireann agus úsáideoirí, agus go bhfanfaidh siad athléimneach, inbhuanaithe agus inoiriúnaithe sna blianta amach romhainn.

Gníomhartha Straitéiseacha

1. Aire a thabhairt dár bhFoirgnimh agus dár Spásanna

Déanfaimid iniúchtaí bliantúla agus athbhreithnithe cothabhála ráithiúla ar gach foirgneamh leabharlaine, feithicil agus spás lasmúigh chun ár saoráidí a choinneáil sábháilte, fáilteach agus i riocht mhaith. Tacóidh fhadéarmach, inbhuanaitheacht, feabhsú bitheagsgúlachta agus deiseanna maoinithe dár sócmhainní.

2. Monatóireacht a dhéanamh ar Uaireanta Oscailte agus ar sholáthar Mo Leabharlann Oscailte

chun an tseirbhís
fhoriomlán is fearr a chinntiú

Déantar athbhreithniú bliantúil ar uaireanta oscailte, lena n-áirítear an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte ar fud na mbrainis, chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag freagairt do riachtanais agus cuspóirí na seirbhíse.

3. Bonneagar Mór Caipitil Leabharlaine a Sholáthar

Leanfaimid le hathfhorbairt Leabharlann Dhroichead Átha a chur chun cinn, ag cinntiú go gcomhlíonfaidh a suíomh agus a dearadh nua riachtanais an daonra, caighdeán inrochtaineachta, agus cuspóirí inbhuanaitheachta agus ionchais seirbhíse nua-aimseartha leabharlaine.

Fiosróidh muid gach deis mhaoinithe ábhartha chun foirgnimh leabharlaine a theabhsú agus a fhorbairt.

4. Freastal ar Níos Mó Daoine leis an Leabharlann Shoghluaisite Pobail nua

Cuirfidh an Leabharlann Shoghluaisite Pobail i gcroílár ár gcuideachtaí, ag cinntiú go mbeidh rochtain chothrom ar sheirbhísí, deiseanna foghlama agus gníomhaíochtaí cultúrtha ag pobail tuaithe agus pobail nach ndéantar freastal ceart orthu.



Luach Feidhmiú sa tSeirbhís Corparáideach Leabharlainne

Diríthe ar an Saoránach	Seirbhísí saor in aisce agus inrochtana a sheachadadh atá deartha thart ar riachtanais daoine aonair agus pobal
Daonlathach	Tacú le rochtain oscailte ar fhaisnéis, ar litearthacht agus ar fhoghlaim, ag cumasú rannpháirtíocht eolasach i saol sibhialta agus pobail
Nuálach	Seirbhísí nua-aimseartha, treagrúla a sholáthar, lena n-áirítear bailiúcháin atá ag forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí nua chun rochtain agus rannpháirtíocht a fheabhsú
Rialachas	Seachadadh seirbhíse gairmiúil, cuntasach agus iontaoifa a chinntiú, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis iontaoifa agus ar acmhainní poiblí dea-bhainistithe
Inbhuanaitheacht	Tacú le folláine an phobail san fhadtéarma trí chomhpháirtíochtaí, for-rochtain agus seirbhísí a fhreagaironn do riachtanais an phobail atá ag athrú



Ar bhFís, Misean agus Luachanna

Oibríonn Seirbhís Leabharlaine Chontae Lú go hiomlán i gcomhréir le fís, misean agus luachanna corparáideacha Chomhairle Contae Lú, mara leagtar amach sa Phlean Corparáideach 2024–2029. Léiríonn an Plean Corparáideach Fís na Comhairle do Lú mar chontae atá chun tosaigh maidir le hinbhuanaitheacht, cuimsiú agus caighdeán maireachtála aachuidsaoránach. Leis an bhfís sin, mar aon lena misean contae bríomhar, inbhuanaithe a chruthú, ag cothú fais eacnamaíoch agus ag feabhsú caighdeán maireachtála trí rannpháirtíocht ghníomhach, ceannaireacht shibhialta agus seachadadh seirbhísí poiblí éifeachtacha, bunaitear an treo straitéiseach ar a sholáthraítear seirbhísí leabharlaine.

Lenár linn chomhairliúcháin foirne, bhailíomar agus chomhtháthaíomar freagraí na foirne a léiríonn an chaol a gcuireann an tSeirbhís Leabharlaine le fís agus misean na Comhairle i ngníomh. Ag leibhéal seirbhíse, seachadtar tosáilochtaí corparáideacha trí sholáthar laethúil seirbhíse leabharlaine ar na bealaí seo a leanas:

- » Spásanna sábháilte, fáilteacha agus cuimsitheacha a chur ar fáil ina bhféadfaidh daoine léamh, foghlaim agus dáimh a fhorbairt lena chéile
- » Tacú leis an litéarthacht, le foghlaim ar feadh an tsaoil agus le folláine an phobail
- » Seirbhísí nuálacha, bríomhara, inrochtana agus freagrúla a sheachadadh a threastalíonn ar riachtanais gach pobail i gContae Lú



An méid a d'fhoghlaimíomar ón gComhairliúchán

Bhailigh an próiseas comhairliúcháin léargas ó úsáideoirí agus neamhúsáideoirí leabharlaine, an fhoireann, compháirtithe agus grúpaí pobail ar fud Chontae Lú. Rinne na léargais seo eolas don fhís, na luachanna, na cuspóirí agus na gníomhartha atá leagtha amach sa Chlár Forbartha seo agus chuaigh siad i bhfeidhm orthu. Tá sonraí iomlána faoi rannpháirtithe an chomhairliúcháin le fáil sna hAguisíní.

Na rudaí a mBíonn Leas na bPobal Orthu

- » Foireann chairdiúil, chabhrach agus eolach
- » Spásanna leabharlaine sábháilte, fáilteacha agus cuimsitheacha
- » Rochtain saor in aisce ar leabhair, acmhainní foghlama, imeachtaí agus uirlisí digiteacha
- » An leabharlann mar mhol pobail iontaofa agus inrochtana
- » Clár ardchaighdeáin do pháistí, teaghlaigh agus daoine fásta
- » Easpa feasachta maidir le cuid de na seirbhísí, uaireanta oscailte, clár agus acmhainní ar líne
- » Deacrachtaí maidir le rochtain ar sheirbhísí do phobail tuaithe, daoine faoi mhíchumas agus dóibh siúd nach bhfuil rómhuiníneach agus iad ag plé le gléasanna digiteacha
- » Bearnaí a braitheadh i mbailiúcháin d'aoisghrúpaí nó do theangacha ar leith

Bacainní a Aimsíodh

- » Seirbhísí for-rochtana agus Leabharlaine Soghluaise a mhéadú
- » Tacalocht do scileanna digiteacha a neartú do dhaoine de gach aois
- » Infheictheacht seirbhísí ar líne agus aip na leabharlaine a fheabhsú
- » Comhpháirtíochtaí pobail a mhéadú chun cláir a leathnú
- » Acmhainní staire áitiúla agus deiseanna foghlama a fhorbairt

Deiseanna a Aimsíodh

- » Cumarsáid níos comhsheasmhaí agus níos feiceálaí
- » Infheistíocht i mbailiúcháin, teicneolaíocht agus bonneagar
- » Cláir fheabhsaithe do phobail nach ndéantar freastal ceart orthu agus do chónaitheoirí nua
- » Forbairt leanúnach foirne agus forbairt acmhainne inrochtaineacht fheabhsaithe i bhfoirgnimh agus i seirbhísí digiteacha

Réimsí Atá Le Forbairt



Conas a Forbraíodh an Plean

Cuireadh tús le forbairt an Chláir seo in 2025, threoraithe ag grúpa oibre, faoi stiúir an Leabharlannai Contae. Bhí ceithre phríomhcheim i gceist sa phróiseas.



Céim 1 – Athbhreithniú Beartais

Scrúdaiomar beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun a chinntiú go bhfuil an Clár ag teacht le tosaithe na heagraíochta agus leis an gcomhthéacs straitéiseach atá ag teacht chun cinn do leabharlanna poiblí.

Céim 2 – Comhairliúchan

Bhailigh próiseas cuimsitheach rannpháirtíochta tuairimí úsáideoirí agus neamhúsáideoirí leabharlaine, foirne, compháirtithe agus grúpaí pobail. Airíodh leis seo suirbhéanna, rannpháirtíocht sna brainsí, fócasghrúpaí spriocdhírithe agus ceardlann foirne inar rinneadh measúnú ar dhul chun cinn faoin gclár roimhe seo.

Céim 3 – Forbairt Cuspóirí agus Gníomhartha

Rinneadh anailís ar an aiseolas agus baineadh úsáid as chun cuspóirí agus gníomhartha an Chláir a mhúnlú, ag cinntiú go bhfreagráinn siad go díreach do riachtanais an phobail agus do léargais na foirne.

Céim 4 – Athbhreithniú agus Mionleasú

Rinneadh dréachtchuspóirí, torthaí agus gníomhartha a mheas i gcomhthéacs tosaithe amhail inbhuanaitheacht, comhionannas agus cuimsiú, agus rinne an bhainistíocht, an fhoireann agus na comhataí tofa athbhreithniú ar an dréachtchlár.



Ghlac Comhairle Contae Lú leis an bplean go foirmiúil i mí Iúil 2026. Léiríonn an Clár seo tuairimí coiteanna úsáideoirí, foirne, compháirtithe agus an phobail níos leithne agus tá sé bunaithe ar thaithí phraiticiúil agus ar rannpháirtíocht fhiúntach.

Feidhmíocht, Foireann agus Acmhainní




43
Mhéadaigh líon na mball
foirne go 43 post faoin
bPlean Lucht Saothair
Leabharlaine is déanaí

18%
Mhéadaigh buiséid oibríochta,
lena n-áirítear méadú de thart
ar 18% ar an mbuiséad leabhar



Mhéadaigh líon na gcuairteoirí ar
leabharlanna ó 92,077 in 2020 go
267,401 in 2025

267,401




Ár dtáscairí Feidhmíochta Príomha ar Léargas

Baill chláraithe

17,919 ball cláraithe, arb ionann é agus méadú 6% ó 2024


Baill Chláraithe (2024 i gcomparáid le 2025)



Cuairteanna ar bhrainní leabharlaine

267,401 cuairt ar bhrainní leabharlaine in 2025, arb ionann é agus méadú 10% ó 2024


Cuairteanna ar Bhrainní Leabharlaine (2024 i gcomparáid le 2025)



Míreanna a eisíodh

Eisíodh 415,244 mír le linn 2025, arb ionann é agus méadú 34% ó 2024

Míreanna a Eisíodh (2024 i gcomparáid le 2025)



Seirbhísí Cuimsitheacha agus Céadfacha

- » Gradam Leabharlann Tearmainn mar aitheantas ar dhea-chleachtas maidir le comhtháthú agus leas dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn, imirceach leochaileach agus daoine atá ar imeall na sochaí a chur chun cinn. Ba é Contae Lú an chéad Udarás Leabharlaine ar bronnadh an gradam seo air.
- » Leathadh seirbhísí céadfacha, lena n-áirítear tabhairt isteach The Cubbie, spás céadfach glanscartha agus lán-inrochtana i Leabharlann Dhún Dealgan



Ceannaireacht agus Rannpháirtíocht Chultúrtha

- » Soláthar clár éagsúil imeachtaí trí fhéilte lena n-áirítear:
 - Féile Eolaíochta Lú
 - Lit Lú – Féile Liteartha Lú
- » Forbairt rannpháirtíochta an phobail agus comhpháirtíochtaí comhoibríocha



Príomhéachtaí le linn Chláir Forbartha Leabharlaine 2020–2025

Infheistíocht Chaipitil agus Bonneagar

- » Cur i gcrích uasghrádúithe éifeachtúlachta fuinnimh ar fud fhoirgneamh na leabharlaine.
- » Maoiniú faoin gClár Caipitil Leabharlaine tríd an Roinn Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta a fuarthas le haghaidh:
 - Feithicil Leabharlaine
 - Soghluaiste Pobail
 - Seachadadh leabharlaine suntasai do Dhroichead
 - Atha chun seirbhís nua shuntasach leabharlaine a chruthú don bhaile
- » Bunaiodh an dara Seirbhís seirbhíse Mo Leabharlann Oscailte i bhfoirgneamh Droichead Atha, ag tógáil ar rath na seirbhíse Mo Leabharlann Oscailte i mBaile Atha Fhirdhia

Forbairt na Seirbhíse

- » Dhún Léire
- » Tugadh isteach uaireanta oscailte foirne níos faide ó 164 uair go 197 uair sa tseachtain, arb ionann é agus méadú 20% ar fud na seirbhíse
- » Bunaiodh an dara Seirbhís seirbhíse Mo Leabharlann Oscailte i mBaile Atha Fhirdhia



Nuálaíocht agus Leathnú Digiteach

- » Méadú suntasach ar úsáid ríomhsheirbhísí agus ábhair ar líne
- » Forbairt clár nuálacha dhigiteacha don fhoghlaim agus rannpháirtíocht
- » Cruthú líonra neamhspleách leabharlaine chun tacú le gach seirbhís dhigiteach tríú páirtí




LEABHARLANN | LIBRARY



Freagairtí faoi Stiúir an Phobail

- » Chuireamar freagairt seirbhíse leabharlaine ar fáil ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta le linn na paindéime ar scála nach bhfacthas riamh
- » Leathnaíodh seirbhísí a thacaíonn le folláine agus le hathléimneacht, lena n-áirítear tionscnaimh Léitheoireacht ar son Folláine Tugadh isteach an tSeirbhís Leabharlaine do Dhaoiné atá Gafa sa Teach



Maoiniú



Is é **€4,636,515** an buiséad
caiteachais ioncaim do réachtáil na
Seirbhíse Leabharlaine in 2026.



Airítear leis seo buiséad leabhar
de **€330,000**, arb ionann é agus
méadú beagnach **18%** ó 2025.



Cuirfear bainistíocht airgeadais
bhfeidhm chun tacú le soláthar
an **Chláir Forbartha**
Leabharlaine seo. Faigheann
Seirbhís Leabharlaine Chomhairle
Contae Lú an chuid is mó dá
mhaoiniú ón údarás áitiúil,
le tacaíocht bhreise ó chláir
náisiúnta rialtais agus ó dheontais
spriocdhírithíe nuair a bhíonn siad
ar fáil.



I gcomhthéacs **costais**
mhéadaithe agus **éileamh**
ar spásanna leabharlaine,
rochtain dhigiteach agus seirbhísí
pobail-bhunaithe atá ag dul i
méid, tabharfar tosaíocht don
mhaoiniú le linn shaolré an
Chláir seo de réir na gcuaspóirí
straitéiseacha comhaontaithe.
Cuirfear gníomhartha i bhfeidhm
ar bhonn céimnithe agus réadúil
trí phróiseas buiséid bhliantúil
na Comhairle, agus déanfar
monatóireacht ar chaiteachas
de réir struchtúir rialachais
chorparáidigh agus riachtanais
luach ar airgead.

Ar Seirbhís Leabharlaine

Tá Seirbhís Leabharlaine Chomhairle Contae Lú faoi stiúir an tSeirbhís Ealaíon chomh maith rud a chinntíonn comhtháthú agus comhar trasna na bhfeidhmeanna sin. Feidhmíonn na Seirbhísí Cultúrtha laistigh den Stiúirthóireacht um Sheachadadh Tithíochta agus Cultúir, atá faoi cheannaireacht Stiúirthóra Seirbhísí. Tuiriscíonn an tSeirbhís Leabharlaine go ráithiúil don Choiste Polasaithe Straitéisigh Tithíochta agus Sóisialta, rud a chinntíonn go bhfuil tosaiochtaí na seirbhíse leabharlaine ailínithe go dlúth le cuspóirí sóisialta, cultúrtha agus pobail níos leithne.



ina bhfuil:

Ceithre leabharlann bhrainse lánaimseartha amháin i gCairlín

Dealgan, Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia agus Dún Léire

Brainse páirtaimseartha amháin i gCairlín

An tSeirbhís Leabharlaine Scoileanna

Leabharlann Shoghlaiste Pobail, atá Ceanncheathrú beartaíthe a sheachadadh faoi dheireadh 2026

Stóras Leabhar agus Ceanncheathrú lonnaithe i nDún Dealgan

Líonra Seirbhíse agus Rochtain

Cuireann an tSeirbhís Leabharlaine líonra cuimsitheach seirbhísí ar fáil ar fud an chontae,

- » Baillíúcháin fhairsinge do dhaoine fása agus do pháistí
- » Ríomhleabhair agus Ríomh-chloisleadhair
- » Baillíúcháin staire áitiúla agus seibhísí ginealaís
- » Seirbhísí tagartha agus faisnéise Nuachtáin agus irisí
- » Ríomhairí poiblí agus Wi-Fi ar ardchaighdeán
- » Teicneolaíochtaí cúnamh agus céadfacha
- » Leabharlann Rudai, lena n-áirítear mireanna praiticiúla amhail monatóirí radóin, trealamh fuinnimh, ucaileilí agus maidí síúil gníomhachtaíthe
- » Catalóg ar líne agus seirbhísí digiteacha trí Aip Leabharlanna Lú



Réamhrá

Freastalóinn leabharlanna ar bhunriachtanais pobail trí thacaíocht a thabhairt don léitheoireacht, foghlaim agus rochtain ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí digiteacha, agus ag an am céanna cuireann siad spásanna poiblí fáilteacha ar fáil do dhaoine ag gach céim den saol. Cuireann siad an léitheoireacht agus an litearthacht chun cinn, cuireann siad deiseanna ar fáil don fhoghlaim agus d'fhorbairt scileanna, agus soláthraíonn siad spásanna sábháilte fáilteacha le haghaidh staidéir, fionnachtana agus úsáid phobail. De réir mar a leanann nósanna léitheoireachta agus teicneolaíochtaí de bheith ag athrú, ní mór dár sheirbhísí leabharlaine athrú chomh maith. Leagtar amach sa Chlár seo na tosáilochtaí agus na gníomhartha a threoróidh an t-athrú sin agus a chinnteoidh go mbeidh ár seirbhísí leabharlaine ábhartha, go mbainfear úsáid mhaith astu agus go mbeidh siad freagrúil do riachtanais áitiúla.

Tá an Clár ag teacht le Plean Comparáideach Chomhairle Contae Lú 2024–2029 agus tacaíonn sé lena fhócas ar fhoilíne pobail, forbairt dhigiteach, cultúr, inbhuanaitheacht agus cuimsiú. Léiríonn sé freisin an beartas náisiúnta, go háirithe is í an *Leabharlann an Aite: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid - Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027* (An Roinn Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, 2023) agus *Caighdeán agus Tagarmharcanna do Leabharlanna Poiblí* (An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, 2026), ina leagtar amach ionchais shoiléire maidir le seirbhísí nua-aimseartha agus bríomhara leabharlaine poiblí a chur ar fáil. Is feidhm reachtúil d'údarais áitiúla iad leabharlanna poiblí faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001, lena gceanglaítear ar gach údarás Clár Forbartha Leabharlaine a ullmhú agus a ghliacadh dá sheirbhís.

Treoraíonn tosáilochtaí náisiúnta amhail forbairt litearthachta agus léitheoireachta, cuimsiú digiteach, foghlaim ar feadh an tsaoil, gníomhú ar son na haeraíde agus forbairt pobail an Clár seo. Forbraíodh an Clár trí chomhairliúcháin agus athbhreithniú, rud a chinntíonn go léiríonn cinntí pleanála riachtanais bheartais agus taithe áitiúil araon. Leagtar amach beartais agus straitéisí ábhartha sna hAguisíní.

- Tríd an gClár Forbartha seo, tá sé mar aidhm ag Seirbhís Leabharlaine Chomhairle Contae Lú:
- Rochtain ar sheirbhísí leabharlaine a fheabhsú ar fud an chontae
 - Foirgnimh, bailiúcháin agus seirbhísí digiteacha leabharlaine a chothabháil agus a fheabhsú
 - A chinntiú go mbeidh leabharlanna fáilteach, éasca le húsáid agus freagrúil do riachtanais úsáideoirí
 - Ról na leabharlann laistigh de phobail áitiúla a neartú

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis, dúthracht agus ghairmiúlacht ár bhfoirne leabharlaine ar fad, agus buíochas a ghabháil leis an Leabharlannai Feidhmiúcháin Sinsearach, Eileen McDermott, as a cuid oibre maidir leis an gClár seo a ullmhú.



Amanda Branigan
Leabharlannai Contae agus
Ceannaire Seirbhísí Cultúrtha

An Contae Seo

Againne



Is contae é Contae Lú atá ag fás agus atá ag éirí níos éagsúla ó thaobh an daonra de. Léirigh Daonáireamh 2022 daonra de **139,703**, arb ionann é agus

méadú **8%** ó 2016, agus léiríonn meastacháin ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) go bhfuil an fás sin ag leanúint ar aghaidh trí 2023. Tá próifíl an daonra ag athrú chomh maith, agus méadú **24%** tagtha ar líon na gcónaitheoirí atá 65 bliain d'aois agus os a chionn. Tá pobal éagsúil i gContae Lú, agus aithníonn **11%** de na cónaitheoirí iad féin mar náisiúnaigh neamh-Éireannacha (Daonáireamh 2022).




Cé gurb é an contae is lú in Éirinn é ó thaobh áchar talún de, tá dhá phríomhionad uirbeacha i gContae Lú — Droichead Átha agus Dún Dealgan.

Cruthaíonn an meascán seo d'fhás daonra, athrú deimeagrafach agus ionaid láidre uirbeacha deiseanna agus dúshláin araon do sheirbhísí poiblí. Ó thaobh na Seirbhíse Leabharlaine de, leagann sé béim ar an ngá atá le soláthar solúbtha seirbhísí, bailiúcháin threagrúla, cláir chuimsitheacha agus for-rochtain láidir.



Leanfáidh athrú deimeagrafach — go háirithe fás daonra, éagsúlacht mhéadaithe agus daonra atá ag dul in aois — de bheith ag múnú forbairt seirbhísí leabharlaine sna blianta amach romhainn. Is gá na treochtaí seo a thuiscint chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí leabharlaine ábhartha, cuimsitheach agus inrochtana do gach pobal ar fud Chontae Lú.

Tá an staidreamh iomlán bunaithe ar Dhaonáireamh 2022 agus ar na meastacháin is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh a bhí ar fáil i Márta 2026.



Fáilte

Is cúis áthais dúinn Clár Forbartha Sheirbhís Leabharlaine Chomhairle Contae Lú 2026–2030 a chur i láthair, a leagann amach ár dtiomantas do sheirbhís leabharlaine láidir, inrochtana agus cuimsitheach a chur ar fáil do mhuintir Chontae Lú.

Is rithábhachtach an ról atá ag leabharlanna i saol an phobail. Cuirtear siad spásanna poiblí fáilteacha ar fáil inar féidir le daoine de gach aois léamh, foghlaim, eolas a aimsiú agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus pobail. Tacaimid ar leabharlanna leis an litéarthacht agus leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, cuirtear siad deiseanna ar fáil chun scileanna digiteacha a fhorbairt, agus cabhróimid siad le daoine dáimh a choinneáil lena bpobail.

Is ar phróiseas forleathan rannpháirtíochta a bunaíodh an Clár seo. Ghlac beagnach míle ball den phobal páirt i suirbhé ar fud an chontae, chomh maith le hionchur ó chomhpháirtithe pobail, scoileanna, eagraíochtaí áitiúla, ionadaithe tofa agus fócasghrúpaí. Chinntigh an rannpháirtíocht seo go léiríonn na tosáíochtaí atá leagtha amach sa Chlár riachtanaí agus ionchais na ndaoine a úsáideann ár leabharlanna agus a bhfuil ár leabharlanna tábhachtach acu.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do thiomantas agus do ghairmiúlacht fhoireann ár leabharlaine ar fud an chontae. Tá a ndúthracht agus a gcruthaítheacht mar bhonn faoi cháilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus beidh siad mar bhunús maidir leis na huaillmhianta atá leagtha amach sa Chlár seo a chur i gcrích.

Tá an Clár Forbartha aillínithe le tosáíochtaí straitéiseacha agus luachanna corparáideacha Chomhairle Contae Lú agus leis an mbeartas náisiúnta maidir le leabharlanna poiblí. Táimid ag tnúth le bheith ag obair lenár bhfoireann, comhpháirtithe agus pobail sna blianta amach romhainn chun an Clár seo a chur i bhfeidhm agus chun a chinntiú go leanfaidh leabharlanna Lú de bheith ina spásanna poiblí luachmhara, fáilteacha a mbaintear úsáid mhaith astu.




An Comhairleoir Dolores Minoque
Cathaoirleach



David Conway
Príomhfheidhmeannach

Clár Ábhair


Fáilte	5	Réamhrá	6	An Contae Seo Againne	7	Ar Seirbhís Leabharlainne	8	Maoiniú	10	Príomhéachtaí	12	Conas a Forbraíodh an Plean	18	An méid a d'fhoghlaimíomar ón gComhairliúchán	20	Ar bhfis, Mísean agus Luachanna	22	Cuspóirí Straitéiseacha	26	Cur i bhfeidhm agus Meastóireacht	38	Aguisíní	39
--------	---	---------	---	-----------------------	---	---------------------------	---	---------	----	---------------	----	-----------------------------	----	---	----	---------------------------------	----	-------------------------	----	-----------------------------------	----	----------	----



Soláthraíonn Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Lú seirbhísí leabharlainne poiblí cuimsitheacha ar ardchaighdeán do mhuintir Chontae Lú, ag freastal ar dhaonra de 139,703 duine (Daonáireamh 2022). Cuirtear ar líonra de chúig leabharlann agus an tseirbhís scoileanna tacar nasctha de phointí rochtana áitiúla ar fáil, ag tacú leis an bhfoghlaim, faisnéis, cultúr agus rannpháirtíocht pobail ar fud an chontae.

CLÁR FORBARTHA SHEIRBHÍIS LEABHARLAINE CHOMHAIRLE CONTAE LÚ 2026 - 2030

Tógáil don Todhchaí



Comhairle Contae Lú
Louth County Council